2024/1213

3.5.2024

CINNEADH (AE) 2024/1213 ÓN gCOMHAIRLE

an 19 Márta 2024

maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, ina leagtar amach nósanna imeachta slándála maidir le satailítí Galileo a lainseáil ó chríoch na Stát Aontaithe

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 189 de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De dhroim dhá lainseáil Soyuz ó Ionad Spáis na Guáine a bheith curtha ar ceal i mí Aibreáin agus i mí Mheán Fómhair 2022, agus an moill a fógraíodh maidir le Ariane-6, ní mór don Aontas teacht ar roghanna malartacha chun tús a chur arís go práinneach le lainseálacha shatailítí Galileo. Tá sé sin ríthábhachtach chun oibriú cuí chóras Galileo a áirithiú, ar cuid de Chlár Spáis an Aontais é arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

(2) Tá comhar seanbhunaithe ag an Aontas leis na Stáit Aontaithe maidir le loingseoireacht satailíte. Tháinig an Comhaontú maidir le córais loingseoireachta satailíte Galileo agus GPS agus a bhfeidhmchláir ghaolmhara a chur chun cinn, a sholáthar agus a úsáid idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, den pháirt eile ([2]), i bhfeidhm an 12 Nollaig 2011.

(3) An 23 Samhain 2023, d'údaraigh an Chomhairle tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe lena leagfar síos na nósanna imeachta slándála maidir le satailítí Galileo a lainseáil ó chríoch na Stát Aontaithe.

(4) Cuireadh an chaibidlíocht idir an tAontas Eorpach, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, ina leagtar amach ina leagtar amach nósanna imeachta slándála maidir le satailítí Galileo a lainseáil ó chríoch na Stát Aontaithe ('an Comhaontú') i gcrích go rathúil.

(5) Beidh feidhm ag an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le slándáil faisnéise rúnaicmithe ([3]) maidir le faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh a chuirfear ar fáil do na Stáit Aontaithe.

(6) Ba cheart an Comhaontú a shíniú, faoi réir a thabhairt i gcrích tráth níos déanaí. I bhfianaise íogaireacht ama lainseálacha Galileo, ba cheart an Comhaontú a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, go dtí go gcomhlánófar na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach, agus na Stáit Aontaithe, ina leagtar amach nósanna imeachta slándála maidir le satailítí Galileo a lainseáil ó chríoch na Stát Aontaithe (an 'Comhaontú') a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir an Comhaontú sin a thabhairt i gcrích ([4]).

Airteagal 2

Leis seo, údaraítear Uachtarán na Comhairle an duine/na daoine a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais.

([1]) Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69).
([2]) IO L 348, 31.12.2011, lch. 3.
([3]) IO L 115, 3.5.2007, lch. 30.
([4]) Foilsítear téacs an Chomaontaithe in (IO L, 2024/1214, 3.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2024/1214/oj).

Airteagal 3

1. Faoi réir na cómhalartachta, cuirfear an Comhaontú i bhfeidhm ar bhonn sealadach, i gcomhréir le hAirteagal 12(2) de ([5]), go dtí go gcomhlánófar na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

2. Tabharfaidh an tAontas fógra do na Stáit Aontaithe gur tugadh chun críche nósanna imeachta inmheánacha de chuid an Aontais is gá don chur i bhfeidhm sealadach i gcomhréir le hAirteagal 12(2) den Chomaontú. Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear sa mhír seo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Márta 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

H. LAHBIB

([5]) Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle an dáta óna gcuirfear an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.